Tarraingíonn sé freisin ar phríomhphrionsabail na Straitéise Leabharlainne Poiblí, **Ár Leabharlanna Poiblí, 2022**, atá dírithe ar rochtain, úsáid agus infheictheacht na seirbhíse leabharlainne poiblí a fheabhsú agus an tseirbhís a bhunú mar an áit le haghaidh réimse seirbhísí poiblí atá comhtháite agus inbhuanaithe.

Plean Corparáideach dlr, 2020-2024

Plean Forbartha Contae dlr, 2022-2028

Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta dlr, 2018-2022

Plean Oidhreachta dlr, 2021-2025

Ár Leabharlanna Poiblí, 2022, an straitéis náisiúnta leabharlann poiblí

Straitéis dhigiteach dlr, 2021-2024

Straitéis Aoisbhá dlr, 2022-2026

Plean Pobail Áitiúil agus Geilleagrach dlr, 2016-2021

An Treochlár i gcomhair Ionchuimsiú Sóisialta, 2020-2025

Plean Leanáí agus Daoine Óga dlr, 2020-2023

# Ár seirbhísí

Tá ról tábhachtach ag Leabharlanna dlr i bhfolláine shóisialta, gheilleagrach agus chultúrtha ár gcontae. Príomhghné de Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin is ea muid. Is mol lárnach agus áit chruinnithe dár bpobail iad ár n-ocht leabharlann bhraínse. Bíonn ár leabharlanna oscailte don phobal 382 uair an chloig sa tseachtain, uaireanta ‘Mo Leabharlann Oscailte’ san áireamh— ceann de na seirbhísí leabharlainne poiblí is cuimsithí dá bhfuil in Éirinn.

## Leabharlann na Carraige Duibhe

537m<sup>2</sup> Foirgneamh athchóirithe Carnegie é seo atá suite i lár an tsráidbhaile. Tá neart solais ann, chomh maith le seomra cruinnithe fairsing.

## dlr Lexicon

6,327m<sup>2</sup> Foirgneamh 5 urlár a bhfuil duaiseanna buaite aige. Is í an leabharlann poiblí is mó in Éirinn í agus tugann breis is 1,650 duine cuairt uirthi gach lá, rud a fhágann go bhfuil sí ar an leabharlann poiblí is mó cuairt sa tír, leis.

## Leabharlann Dhún Droma

427m<sup>2</sup> I bhfoirgneamh Carnegie atá an brainse is faide siar againn agus tá gairdín aige chomh maith. Freastalaíonn sí ar cheantar mór.

## Leabharlann Stigh Lorgan

Bogadh Leabharlann Stigh Lorgan go háitreabh sealadach in 2021. Beidh Leabharlann Stigh Lorgan os cionn 1,000m<sup>2</sup> a luaithe a bheidh an foirgneamh nua tógtha gar don ionad siopadóireachta.

## Leabharlann Ghráinseach an Déin

800 m<sup>2</sup> An dara brainse is gnóthaí dár gcuid agus an chéad leabharlann i gceantar Bhaile Átha Cliath le bheith páirteach i Mo Leabharlann Oscailte. Anois tá sé ar an leabharlann oscailte is mó cuairt sa tír.

## Leabharlann Chábán tSíle

179m<sup>2</sup> Foirgneamh athchóirithe Carnegie é seo agus tá gairdín tarraingteach inti.

## Leabharlann Dheilginse

397m<sup>2</sup> Suite i lár an tsráidbhaile, tá seomra ceoil agus gairdín inti agus í ar an dara brainse dár gcuid le bheith páirteach i Mo Leabharlann Oscailte.

## Leabharlann Sheanchille

165m<sup>2</sup> I bhfoirgneamh Carnegie atá an leabharlann is lú dár gcuid. Tá gairdín álainn inti freisin.

- Soláthraimid rochtain ar spásanna comhroinnte atá sábháilte, spleodrach agus spreagúil, áit ar féidir le daoine fásta agus leanaí araon teacht le chéile le bheith ag foghlaim, ag comhroinnt agus ag comhchruthú.
- Caithimid dúthracht le hionchuimsiú sóisialta, éagsúlacht agus rochtain ar ár n-acmhainní a chinntiú dár bpobail.
- Tacaímid le léitheoireacht, litearthacht, forbairt phearsanta agus foghlaim ar feadh an tsaoil.
- Cuirimid an cumas agus na hacmhainní teicneolaíochta ar fáil le heispéireas na ndaoine a bhaineann úsáid as ár leabharlanna a fheabhsú agus leis an deighilt dhigiteach a dhúnadh.
- Déanaimid clár imeachtaí atá idir shaibhir agus éagsúil a eagrú agus a chomhordú d’fhonn cáilíocht bheatha agus folláine gach duine a thagann ar cuairt chuig ár leabharlanna a fheabhsú.
- Téimid i gcomhar le raon comhpháirtithe chun príomhchláir náisiúnta a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil.
- Cuirimid cláir chultúrtha agus for-rochtana ar fáil le cumhacht a thabhairt do phobail, comhtháthú pobail a chumasú, athléimneacht a chothú agus aonrú agus uaigneas a laghdú.
- Tacaímid le nuálaíocht agus cruthaitheacht agus déanaimid féiniúlacht chultúrtha an Chontae a fhorbairt agus a chur ar taispeánt.



# Lá inár leabharlanna





## An Pobal a bhfreastalaímid air

Níl i limistéar Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ach 125 km<sup>2</sup>, atá suite idir bruachbhailte amuigh Chathair Bhaile Átha Cliath agus sléibhte Bhaile Átha Cliath. Tá 17 km de chósta sa chontae, chomh maith le cuan agus bailte agus sráidbhailte tarraingteacha, áit a mbaineann cónaitheoirí agus cuairteoirí araon sásamh as cuid de na taitneamhachtaí nádúrtha is fearr in Éirinn. Níl a shárú ann maidir le rochtain ar iompar poiblí, deiseanna fostaíochta, saoráidí fóillíochta, oideachas, siopadóireacht agus réimse poiblí tarraingteach. Is contae cliste, bríomhar é; tarraingteach, ionchuimsitheach agus inrochtana do chách.



Tá **18.6%** de dhaonra Bhaile Átha Cliath ina gcónaí i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin – **218,000** duine de réir Dhaonáireamh 2016.



Is é an contae a bhfuil an daonra is sine ann – tá an chuid is mó de chónaitheoirí an Chontae os cionn 35 bliain d'aois (**55%**) agus méadú **18%** tagtha ar líon na ndaoine atá ar scor in dlr ó 2011.



Cé gurb Éireannacha iad formhór na ndaoine atá ina gcónaí i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin (**87.5%**), is ceantar ilchultúrtha é. I measc na náisiúntachtaí eile tá Briotanach (**2%**); Polannach (**1.5%**); Eorpach (**3.8%**); An chuid eile den Domhan (**4.2%**) agus gan a bheith luaite (**1%**).



# Ár ndul chun cinn: 2016-2020

## Príomhéachtaí

- D'éirigh linn líon na mball a mhéadú trí **382 uair an chloig** seirbhíse a chur ar fáil sa tseachtain, rud a fhágann go bhfuil **25%** de dhaoine dlr anois ina n-úsáideoirí leabharlainne

- In 2019, bhí Leabharlann Ghráinseach an Déin ar an **gcéad leabharlann** i gceantar Bhaile Átha Cliath leis an tseirbhís Mo Leabharlann Oscailte a chur ar fáil, rud a chuireann rochtain saor in aisce ar fáil d'úsáideoirí leabharlainne **365 lá** sa bhliain ó 8 r.n. go 10 i.n.



- Cuireadh lenár mbailiúchán leabhar agus tá **340,267** earra ann anois. Caitear **€3.21 per capita ar stoc, an dara leibhéal is airde** in Éirinn

- Rochtain saor in aisce ar **60** teanga ar líne agus **500** cúrsa ríomhfhoghlama




- Glactar níos mó ná **1,135,400** earra ar iasacht gach bliain

- Níos mó ná **1,100,000** cuairteoir gach bliain

- **9,867** imeacht ar fud ár mbrainsí go léir, ar fhreastail **247,867** duine san iomlán orthu

- Forbraíodh clár taispeántas inár mbrainsí go léir



- Comhordaíodh **Clár Éire Ildánach, 2020** – breis agus **50 tionscadal**

- Ba muidne na chéad leabharlanna a chuir bailiúcháin agus spásanna ar leith ar fáil **do dhaoine a bhfuil an t-uathachas orthu**

- Forbraíodh **aip leabharlainne dlr**, a chuireann ar chumas úsáideoirí stoc a sheiceáil go gasta agus earraí a sheiceáil amach go díreach óna bhfón póca.

- Bronnadh gradam orainn ag **Dámhachtainí Chambers Ireland um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil, 2020** as an bhfoilseachán *Divine Illumination - Oratory of the Sacred Heart*

- Bailiúchán bréagán céadfach



- Ceapadh **cartlannaí coimeádaí** d'fhonn digitiú na mbailiúchán a chur chun cinn, chomh maith le Plean Staidéar Áitiúil

- Tá **Oideachas an Cheoil á athrú ó bhonn** ag dlr Music Generation



- Leabharlann dlr Lexicon: **an leabharlann phoiblí is mó éileamh – Níos mó ná 1,650** cuairteoir gach lá

# 2020-2021: Dul i dtaithe ar dhúshlán COVID-19

Bhí ár seirbhís leabharlainne chun tosaigh maidir le páirt a ghlacadh sa Tionscnamh Glao Pobail a bhí ar bun i rith na paindéime. Chuamar i gcomhar lenár gcomhghleacaithe sa Rannóg Pobail agus le hoibrithe deonacha áitiúla d'fhonn tacú leis na daoine is leochaílí inár bpobail. Agus muid ag obair le baill foirne ó rannóga eile de chuid na Comhairle, leagadh béim ar a spleáiche atáimid ar a chéile agus tugadh tuiscint ní b'fhearr do bhaill foirne na leabharlainne ar na dúshlán oibríochtúla a bhí le sárú ag comhghleacaithe. D'fhorbair Comhairle Contae dlr córas nuálach le glaonna ar chúnamh a logáil.

Na leabhair iontacha a sheachadtar saor in aisce go doras mo thí, coinníonn siad ar mo chiall mé agus sona sásta sa bhaile.


Is féidir liom cur suas leis an bpaindéim a bhuíochas leis an tseirbhís seo.

Na leabhair a fuarthas... tá sé ar nós teacht ar uisce san fhásach!

## Seirbhís Seachadta Leabhar

An bronnantas is fearr ó fuair mé mo phas taistil!

Ar an 17 Aibreán 2020, bhí lúcháir ar Leabharlanna dlr seirbhís seachadta go doras a sheoladh le haghaidh ábhar leabharlainne ar mhaithe le daoine scothaosta agus saoránaigh leochaileacha. Oibríodh an tSeirbhís Seachadta Leabhar go Doras trí Líne Chabhrach an Ghlaio Pobail ar an gcéad dul síos. Tugadh pacáiste cúraim le gach seachadadh, lenar áiríodh saothar ealaíne a choimisiúnaigh Oifig Ealaíon dlr go speisialta. Rinne baill foirne leabharlainne plé le **1,961 glao**, agus chuir amach **11,700 leabhar** eisithe faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair 2021.



Le déileáil le líon na n-iarratas, rinne comhghleacaithe dár gcuid i Seirbhísí TF Chomhairle Contae dlr córas speisialta a dhearadh a bhí comhtháite leis an gcóras a bhí á úsáid cheana féin ag an nGlaio Pobail. Chabhraigh tiománaithe deonacha ó Sheirbhísí Bardasacha dlr le seachadtaí agus thacaigh oibrithe deonacha áitiúla leis an tionscnamh freisin.



- Bhí baill leabharlainne in ann rochtain a fháil ar sheirbhísí ar líne agus stoc **24/7** i rith na paindéime.
- Bhí **ballraíocht shealadach leabharlainne** ar fáil **ar líne**.
- Cuireadh feidhmiúlacht bhreise le haip Leabharlanna dlr nuair a seoladh **Selfcheck**, rud a chuir ar chumas úsáideoirí féinseiceáil amach a dhéanamh. I measc na nuálaíochtaí eile a tugadh isteach mar fhreagairt ar COVID-19 bhí córas comhairimh daoine **Stop/Gabh** ag gach brainse.
- Cuireadh r-leabhair bhreise, r-irisí, r-fhuaim agus r-acmhainní eile ar fáil. Tháinig méadú **108%** ar an úsáid dhigiteach.
- Tugadh isteach **Am Scéalaíochta** laethúil ar líne trí Facebook Live agus breathnaíodh air ní ba mhó ná **24,000 uair** in 2020.
- **Tugadh printéirí 3T** ó dlr Lexlcon ar iasacht do Surfbox le haghaidhsciatha a mhonarú d'oibrithe túslíne leighis agus cúraim sláinte.
- Bogadh Féile Leabhar dlr **‘Ó Chuan go Sliabh’** ar líne, áit ar cuireadh clár thar barr **Of the Moment** ar fáil.



### Cuireadh tionscnaimh náisiúnta dár gcuid úsáideoirí óga in oiriúint lena gcur ar fáil ar líne, lenar áiríodh:

- Tionscnamh **Spring into Storytime**, tionscnamh **Let's Play** ó FSS agus **Cruinniú na nÓg** – cuireadh breis agus 25 imeacht agus tionscadal i láthair agus d'fhreastail ní ba mhó ná **56,000** duine orthu
- Dúshlán léitheoireachta **Summer Stars** do leanaí – ghlac ní ba mhó ná **900 leanbh** páirt ann in 2021

### I measc na dtionscnamh náisiúnta eile bhí:

- Páirt ghníomhach a ghlacadh i bhfeachtas **Keep Well** dlr
- **Clár Éire Ildánach**, lenar áiríodh Comórtais **Guthanna Áitiúla** dlr
- **Clár Éire na Sláinte** le tacú le sláinte agus folláine sa chontae
- **Féile na Bealtaine**, a dhéanann ceiliúradh ar chruthaitheacht daoine scothaosta – **39** imeacht ar fhreastail thart ar **640** duine orthu
- **Clár Fhéile Lá Bloom**, ar breathnaíodh air ní ba mhó ná **490 uair**
- **Féile i Veain**

### Cuireadh tionscnaimh áitiúla a thacaíonn le rochtain agus ionchuimsiú in oiriúint lena mbogadh ar líne, lenar áiríodh:

- **73** seisiún de Chlub Leabhar ar líne
- Taispeántais ar líne, lenar áiríodh Taispeántas Grianghraf **Sitting Pretty**
- **Sraith físeán maidir le Tuismitheoireacht Dhearfach** agus **Filleadh ar Scoil**
- **200** seisiún físe, lenar áiríodh ealaíona agus ceardaíocht, am scéalaíochta agus ceardlanna scríbhneoireachta – **4,745 amharc** san iomlán
- Idirghníomhú méadaithe trínár gcainéil **ar na meáin shóisialta**, m.sh. tráth na gceist, aireachas, **Breacaireacht an Lae** agus moltaí leabhair
- Oícheanta Tráth na gCeist ar Líne – **36,622 rannpháirtí san iomlán**

### I measc na gclár for-rochtana a thacaigh lenár bpobail chruthaitheacha bhí:

- **Míreanna mearaí ar iasacht/seachadadh leabhar** chuig Ospidéal Pobail Chnoc Chairméal, Ráth Fearnáin
- Pacáistí éagsúla **ealaíon agus ceardaíochta** agus **gníomhaíochta** a dháileadh ar dhaoine de gach aois
- Siúlóidí **éiceatheiripe** faoi threoir i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt dlr
- **Artworks Home** – coimisiún le haghaidh saothair ealaíne a cuireadh i bpacáistí cúraim ón tSeirbhís Seachadta Leabhar
- Bogadh dlr Music Generation ar líne do ní ba mhó ná **1,408 dalta**



## FAOI THRÁCHT

# Oícheanta Tráth na gCeist ar Líne

Mar chuid dár bhfreagairt ar COVID-19, rinneamar iniúchadh ar bhealaí nua le coinneáil i dteagmháil le spriocphobail ar líne. D'éirigh thar barr le hOícheanta Tráth na gCeist Leabharlanna dlr. Tar éis ár dtrialach tosaigh, ba léir gan mhoill gur chóir go leathnódh ár n-oícheanta tráth na gceist. Bhíodh oícheanta rialta tráth na gceist againn ar an Máirt, ar an Aoine agus ar an Satharn i gcaitheamh na dianghlasála agus ina diaidh. Do dhaoine móra tráth na gceist a bhí an ceann ar an Máirt agus thosaíomar ag tabhairt 'Máirt Mhearaí' air dá bharr sin – bhí an-tóir air! Bhí Oíche na bhFíricí Fánacha do Theaghlaigh ann gach oíche Aoine, tráth a raibh foireann ilghlúine ina fíorbhuntaíste. Bhí oíche Shathairn curtha i leataobh do na daoine fásta – tráth na gceist a dearadh le go mbeadh daoine fásta in ann taitneamh a bhaint as in éineacht le cairde agus gaolta leo.

Le himeacht na míonna, thugamar téamaí nua isteach ar oíche Mháirt. Eagraíodh sraithchomórtas tráth na gceist i mhí na Bealtaine, chomh maith le Tráth na gCeist ar an Stair Áitiúil go gairid ina dhiaidh sin. I mí Aibreáin, réachtáladh tráth na gceist i gcomhar le ambasáidí na hAstráile agus na Nua-Shéalainne chun Lá ANZAC a cheiliúradh. Chuaigh saoránaigh de chuid na hAstráile agus na Nua-Shéalainne anseo in Éirinn in iomaíocht le hiomaitheoirí dlr i dtráth na gceist ar théama ANZAC. Bhí sé ina chomórtas géar iomaíoch!

Bhí ár n-ardán tráth na gceist ina uirlis úsáideach toisc gur úsáideadh é chun oícheanta breise tráth na gceist a réachtáil d'fheachtais náisiúnta leabharlainne amhail Right to Read, Summer Stars, Éire Ildánach, Féile na Bealtaine, agus Seachtain na Gaeilge.

B'áit é an tráth na gceist freisin arbh fhéidir le teaghlaigh bualadh le chéile ar líne le hoíche dheas a bheith acu le chéile le linn na paindéime. Leath sé amach go tapa thar ár dteorainneacha agus bhí gaolta agus cairde ag glaoc isteach ó áiteanna fud fad na hÉireann agus ní b'fhaide i gcéin, leis! Chonaiceamar Éireannaigh a bhí ina gcónaí thar lear sa Bheilg, sna Stáit Aontaithe, i gCeanada, in Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha, sa Ghréig, i Málta, sa Spáinn, sa Fhrainc, sa tSualainn, sa Ríocht Aontaithe, san Afraic Theas, sa Ghearmáin, agus i mBeirmiúda, iad go léir ag glacadh páirte in éineacht lena gcuid cairde agus gaolta sa bhaile.


Fuairamar na céadta ríomhphost ó dhaoine nuair a chríochnaíomar don samhradh, agus tháingamar as ais arís i mí Eanáir 2022 le clár iomlán tráth na gceist.

**Díreach ag iarraidh buíochas mór a ghabháil libh as an obair ar fad a chuir sibh féin agus bhur gcuid comhghleacaithe isteach leis na hoícheanta tráth na gceist seo a eagrú. Chabhraigh siad linn guaim a choinneáil orainn féin agus rinne siamsa dúinn i rith na dianghlasála agus ina diaidh.**

# 36,622

Líon na Rannpháirtithe

**Go raibh míle maith agaibh as oícheanta tráth na gceist a eagrú. Glacann m'íníon, atá thar lear, páirt iontu in éineacht le cuid dá cairde freisin agus cabhraíonn siad linn coinneáil i dteagmháil léi ar bhealach spráúil in ainneoin an saol a bheith ina chior thuathail. Ní bheidh a fhios agaibh choíche an t-ardú croí a thugann na hoícheanta tráth na gceist dúinn.**



# Ar foghlaimíodh ó COVID-19: Athruithe móra

Mar a chuireamar muid féin in oiriúint do na dúshláin a tháinig chun cinn in 2020-2021, d'fhorbraíomar bealaí nua chun ár seirbhísí a chur ar fáil agus coinneáil i dteagmháil lenár spriocphobail. Táimid ar bís faoi na deiseanna atá romhainn agus seo iad na rudaí is aidhm linn a fhorbairt:

Múnla hibrideach rathúil a chur ar fáil

Fáilte a chur roimh an gcustaiméir 'digiteach amháin'

Muinín as spásanna laistigh a atógáil

Tuilleadh litearthacht dhigiteach a fhorbairt agus a spreagadh

A bheith inrochtana agus ionchuimsitheach

Comhoibriú traseagraíochta a chur chun cinn — idir inmheánach agus seachtrach

An leas is fearr a bhaint as ár spásanna leabharlainne lasmuigh



# An próiseas comhairliúcháin le haghaidh an phlean seo

Reáchtáladh comhairliúchán poiblí fairsing mar ullmhúchán dár bPlean Forbartha Leabharlann. Bogadh an comhairliúchán ar líne nuair a tháinig srianta COVID-19 i bhfeidhm, tráth a raibh foirgnimh leabharlainne dúnta don phobal. Cuid mhaith de na smaointe agus de na moltaí a fuairamar tá siad san áireamh sa phlean anois.

## An chaoi ar oibrigh sé

Bhí an Suirbhé Poiblí ar fáil ar líne agus i gcruachóip **718** freagra ar líne agus **15** chruachóip

Ceardlann le Baill Foirne de chuid na Stiúrthóireachta Sinsearaí

Ceardlann chomhairliúcháin leis an bPobal trí LRP dlr

5 cheardlann ar leith le foireann de chuid na Leabharlainne agus 2 iar-sheisiún - tinreamh **os cionn 90%**

Cruinniú comhairliúcháin le Coiste dlr um Beartas Straitéiseach Pobail, Cultúir agus Folláine (SPC)

Grúpa fócais

Leathanach baile dlr agus preaseisiúint

Cainéil dlr ar na meáin shóisialta

Cainéil na leabharlann ar na meáin shóisialta (*Facebook – 6,141 leantóir; Twitter – 7,709 leantóir; Instagram – 2,226 leantóir*)

Seoladh an r-fheasachán leabharlainne chuig **6,600+** síntiúsóir

Seoladh r-fheasachán ealaíon chuig **1,300+** síntiúsóir



Seoladh ríomhnuachtlitir chuig **500+** grúpa LRP leis an suirbhé a phoibliú

Scaipeadh an nasc chuig an suirbhé ar na gcomhaltaí tofa go léir

Comhroinneadh an nasc chuig an suirbhé le gach bunscoil, meánscoil, grúpa óige áitiúil agus líonra CYPSC

# Buaicphointí an tsuirbhé phoiblí

D'iarramar ar na rannpháirtithe smaoineamh siar ar éachtaí na seirbhíse leabharlainne le cúig bliana anuas agus a aibhsiú céard iad na rudaí a baineadh amach go rathúil, céard iad na rudaí ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh sna cúig bliana amach romhainn, céard a d'fhéadfaí a fheabhsú agus céard iad na tionscnaimh úra a bhféadfaí tabhairt fúthu.

Tá an-chuid daoine den tuairim gurb í an tseirbhís leabharlainne 'cnámh droma an phobail'.

Cuireadh sástacht fhorleathan in iúl faoi raon leathan na seirbhísí leabharlainne atá ar fáil, lena n-áirítear rochtain ar dheiseanna litearthachta agus foghlama ar feadh an tsaoil, ar theicneolaíocht dhigiteach agus ar sheirbhísí ar líne (go háirithe le linn na paindéime). Seirbhís saor in aisce, ionchuimsitheach do chách is ea í, a fhreastalaíonn ar phobail éagsúla, ó theaghlaigh go daoine óga go daoine scothaosta. Cuireann sí deiseanna nua ar fáil do dhaoine de gach glúin tríd an réimse clár agus imeachtaí cultúrtha spreagúla a chuirtear ar siúl.

Luadh arís is arís eile seirbhís an Ghlaio Pobail agus freagairt na seirbhíse leabharlainne ó thús deireadh na paindéime. Thug an-chuid daoine moladh ar leith do na himeachtaí ar líne agus don Tráth na gCeist.

**85.24%**

an céatadán de na freagróirí a bhí ina mbaill leabharlainne

**73.4%**

an céatadán de na freagróirí a bhí ar an eolas faoi na seirbhísí leabharlainne a raibh fáil orthu le linn na paindéime

**73.4%**


an céatadán a úsáideann ár seirbhísí ar líne

Rinneadh Cúram Custaiméirí **(46.73%)** agus Inrochtaineacht **(45.87%)** a rátáil mar na háiseanna seirbhíse ab ábhartha





## Céard é an rud is tábhachtaí duit mar chustaiméir?



Leabhair an rud ba thábhachtaí le **95%**

Moladh an fhoireann as a n-éifeachtúlacht, as a n-eolas agus as an dúthacht a chaitheann siad le cabhrú le daoine. Chreid custaiméirí go mbíonn an fhoireann ar an eolas faoi mhórán ábhar agus go mbíonn siad réidh i gcónaí lena a gcuid eolais a roinnt agus ceisteanna a fhreagairt. Tá léirithe acu a sholúbtha atá siad agus cé chomh maith is atá siad in ann iad féin a chur in oiriúint do chúinsí dúshlánacha.

Bhí **90%** de na custaiméirí an-sásta leis an tseirbhís, agus chuir **81%** acu in iúl go raibh sí iontach maith nó an-mhaith. Aithníodh go raibh foireann na leabharlainne

**Saineolaíoch** Iontach  
**Dea-oilte** Lách  
**Cabhrach**  
 Ar fheabhas **Eolach**  
**Gnaíúil**  
**Béasach** Thar barr **Éifeachtúil**  
**Feasach** Thar cionn **Gairmiúil**  
**Foighneach** Cairdiúil **Díograiseach**  
 Garach **Samhlaíoch** Cineálta  
 Deas **Cúramach**  
**Fáilteach** **Dochreidte**  
 Dea-mhúinte

# Tosaíochtaí an tsuirbhé

D'fhág tosaíochtaí an tsuirbhé go rabhthas in ann aiseolas a fháil ó na daoine siúd a ghlac páirt sna ceardlanna. Bhí na freagróirí ar an láneolas faoi luach na seirbhíse leabharlainne agus i measc na nithe ba thábhachtaí leo bhí grá don léitheoireacht, deiseanna le scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt, an fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus eolas a chur ar fáil. Thuig siad a luachmhara atá sé tacú le cultúr agus cruthaitheacht agus an chaoi a bhfeabhsaíonn na rudaí sin cáilíocht na beatha agus comhtháthú an phobail i gcoitinne. Tugadh faoi deara freisin an ról atá ag an leabharlann maidir le tacú leis an bhfreagracht comhshaoil.



Grá don léitheoireacht agus don litríocht  
**73.4%**

Foghlaim ar feadh an tsaoil a chothú  
**98.69%**

Rochtain a sholáthar ar sheirbhísí agus ar spásanna  
**98.44%**

Tacú le cultúr agus cruthaitheacht  
**97.62%**

Braistint phobail agus comhpháirtíochta poiblí a chothú  
**97.49%**

Teicneolaíocht a úsáid mar chumasóir seirbhíse  
**96.3%**

Tacú le litearthacht agus uimhearthacht  
**95.76%**

Tacú leis an bpobal áitiúil  
**70.88%**

Tacú leis an bhfreagracht comhshaoil  
**67.85%**



# Torthaí an chomhairliúcháin

A ndéanaimid go maith, dar leis na daoine

An scéim **dlr Babies Love Books** a thabhairt isteach, faoina dtugann an leabharlann áitiúil mála leabhar saor in aisce do gach páiste a thagann ar an saol sa chontae d'fhonn grá do leabhair a spreagadh

**Imeachtaí agus cúrsaí ar líne** a spreagann foghlaim ar feadh an tsoil agus a dhúnann an deighilt dhigiteach go háirithe

**Seirbhísí laethúla** amhail priontáil/fótachóipeáil

**Aip na leabharlainne**, a chuireann ar chumas an úsáideora leabhair a chur in áirithint, a sheiceáil isteach, a thabhairt ar ais, srl, tá sí an-áisiúil go deo

**Tá Clár STEM/Clár na Saotharlainne Nuálaíochta** do dhaltaí, atá nasctha le múinteoirí agus le scoileanna, ag mealladh daoine óga isteach sa leabharlann

**An fhreagairt ar phaindéim COVID-19** i.e., an Glao Pobail ar mhaithe le daoine scothaosta agus leochaileacha, chomh maith leis an tseirbhís seachadta leabhar go doras

**Bealaí cumarsáide níos fearr** trí na meáin shóisialta, an láithreán gréasáin agus r-fheasachán

**Is mór ag úsáideoirí na leabharlainne** na bailiúcháin leabhar agus luach an spáis fhisiciúil chiúin

**Rochtain ar spásanna comhroinnte teacht le chéile:** Tá tábhacht mhór ag baint leis na naisc a dhéanann daoine le daoine eile sa leabharlann, baill foirne ina measc

**Tá ag éirí go maith leis an spás sábháilte staidéir do dhaoine óga** agus bíonn an-tóir air

**Tá an chomharthaíocht dhigiteach** do gach brainse an-áisiúil

**Cuireadh le huaireanta oscailte dlr Lexicon**, lena n-áirítear ar an , chomh maith le hoscailt oíche agus Domhnaigh i Leabharlann Ghráinseach an Déin tríd an tseirbhís Mo Leabharlann Oscailte

**Inrochtaineacht fheabhsaithe agus éagsúlacht rochtana** i gcoitinne: Tionscnaimh ar mhaithe le daoine a bhfuil an t-uathachas orthu, comhthionscnaimh aoisbháúla, gníomhaíochtaí cultúrtha, imeachtaí, oícheanta tráth na gceist, clubanna leabhar agus cúrsaí ar líne

**Tá éiteas glas glactha chuici féin ag an tseirbhís leabharlainne** trí fhoirgnimh atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, ceardlanna faisnéise, trealamh coigilte fuinnimh, agus tionscnaimh oideachais

# A bhféadfaimis a fheabhsú, dar leis na daoine

Leabharlanna brainse a fheabhsú, agus an bonneagar fisciúil a fhorbairt, le béim ar leith ar an tseirbhís a sholáthraítear in **iarthar** an chontae

**Rochtain agus ionchuimsiú:** Cruthaigh rochtain, cuir le for-rochtain, dírig níos mó ar éagsúlacht agus ar ionchuimsiú: faigh réidh leis na bacainní a bhíonn roimh dhaoine ar mian leo ballraíocht a ghlacadh i leabharlann, cruthaigh naisc le pobail nua trínár leabharlanna nua, spreag daoine óga agus pobail imeallaithe chun leas a bhaint as an tseirbhís leabharlainne

**Soláthar seirbhíse:** Cuíchóiriú a dhéanamh ar an gcóras ballraíochta agus cur chuige comhsheasmhach a ghlacadh i leith na n-uaireanta oscailte, le béim ar leith ar bheith ar oscailt ag an am lóin, d'fhonn feabhas a chur ar an gcaoi a soláthraítear an tseirbhís

**Forbairt scileanna:** Cuir ar chumas an phobail barr a gcumais a bhaint amach trí scileanna a fhorbairt agus oibriú le comhpháirtithe chun na seirbhísí seo a chur ar fáil, rud a thacóidh le léitheoireacht, litearthacht agus foghlaim ar feadh an tsaol

**Margaíocht agus cumarsáid:** Cuir na buntáistí a bhaineann leis an tseirbhís leabharlainne chun cinn ar bhealach níos láidre d'fhonn na baill atá againn cheana a chomhdhlúthú agus baill nua a mhealladh isteach

**Cláir chultúrtha agus chruthaitheacha:** Raon agus scóip reatha na gclár agus na n-imeachtaí a choinneáil. Deiseanna a chur ar fáil d'ealaíontóirí, d'éascaitheoirí ealaíon agus do chomhordaitheoirí imeachtaí teacht ar spriocphobail nua tríd an bhfor-rochtain

**Teicneolaíocht agus litearthacht dhigiteach:** Bain úsáid as teicneolaíocht le tacú le tuilleadh rochtana agus an deighilt dhigiteach a dhúnadh, rudaí a thacóidh leo siúd a bhfuil scileanna digiteacha de dhíth orthu

**Cumhachtú don fhoireann:** Barr chumas fhoireann na leabharlainne a bhaint amach trí dheiseanna oiliúna agus forbartha





# Ár straitéis

Is é an comhairliúchán fairsing a d'eagraíomar a chuir an bonn eolas faoinár bPlean Forbartha Leabharlann. Tá sé ag teacht lenár bPlean Corparáideach, arb é a fhís ná 'contae forásach, bríomhar a chruthú; áit mhealltach, ionchuimsitheach, inrochtana, inar féidir le pobail nascadh lena chéile i dtimpeallachtaí sábháilte, glana agus inar féidir leo tairbhe a bhaint as na deiseanna a chuireann geilleagar láidir ar fáil. Bhí tionchar láidir ag an mbeartas náisiúnta leabharlainne agus ag pleananna ábhartha eile ar na téamaí freisin.

## Ár bhfís

Seirbhís fhorásach bhríomhar leabharlainne atá tarraingteach, ionchuimsitheach agus inrochtana dár bpobail, rud a chuirfidh ar a gcumas nascadh lena chéile, comhoibriú, cruthú agus foghlaim.

## Ár misean

Seirbhísí leabharlainne saor in aisce, inrochtana, ionchuimsitheacha ar ardchaighdeán a sholáthar chun an fhoghlaim a éascú agus barr chumas ár bpobal éagsúil, athraitheach a bhaint amach.

## Ár dtreoirphrionsabail

Léiríú iad ár dtreoirphrionsabail ar threoirphrionsabail chorparáideacha Comhairle Contae dlr

### Ionchuimsitheach

Caithimid le gach duine go cothrom agus le meas.

### Inrochtana

Cumasáimid rannpháirtíocht agus cruthaímid atmaisféar sábháilte, fáilteach inár leabharlanna.

### Thar cionn

Bainimid leas as ár gcuid buanna agus scileanna chun seirbhís leabharlainne den chéad scoth a fhorbairt agus a chur ar fáil.

### Comhoibríoch

Oibrímid i gcomhar le páirtithe leasmhara go héifeachtach.

### Nuálach

Is aidhm linn an chaoi a dtagann daoine i dteagmháil le foghlaim, eolas agus cruthaitheacht a athrú ó bhonn.

# Ár dtéamaí

## Rochtain


Áiteanna sábháilte, iontaofa iad ár leabharlanna. Cuirimid spásanna fáilteacha teacht le chéile ar fáil i gcroílár ár bpobal, rud a chumasaíonn rochtain saor in aisce ar litearthacht, eolas, foghlaim agus faisnéis. Déanaimid cinnte de nach mbíonn bacainn ar bith roimh dhaoine ar mian leo leas a bhaint as ár seirbhísí nó ár n-acmhainní. Cuirimid fáilte roimh dhaoine de gach aois; bíonn an-éileamh ar ár gcláir theaghlaigh, agus tacaímid le daoine scothaosta leas a bhaint as ár n-acmhainní inár gcáil mar Chrann Taca Aoisbhá ainmnithe. Is mian linn tuilleadh daoine óga a mhealladh isteach inár leabharlanna, chomh maith leo siúd nach bhfuil chomh feasach céanna ar a gcuireann an tseirbhís leabharlainne ar fáil.

## Ionchuimsiú

Déanaimid ár gcion féin le dul i ngleic le fadhbanna an leithlisithe agus an eisiaimh shóisialta. Is pointe rochtana muid trínar féidir le daoine de gach aois teacht ar réimse leathan seirbhísí poiblí. Ár seirbhísí for-rochtana do dhaoine scothaosta i dtithe cúraim nó do dhaoine atá gafa sa teach, tugann siad teagmháil shóisialta ríthábhachtach dóibh. Cuirimid fáilte roimh úsáideoirí nua chuig ár seirbhís. Oibrímid freisin le comhpháirtithe éagsúla maidir leis an gcaoi is fearr le faisnéis agus comhairle ionchuimsitheach a chur ar fáil do gach duine.

## Soláthar seirbhíse

Cuireann ár leabharlanna seirbhís den scoth ar fáil, bíodh sé ar an láthair nó ar líne. Tá sé mar aidhm againn eispéireas an úsáideora a fheabhsú trí theicneolaíocht, acmhainní feabhsaithe agus uaireanta oscailte níos faide. Cuireann ár bhfoireann oilte treoir agus tacaíocht ar fáil ar réimse ábhar. Comhoibríonn siad lenár gcomhpháirtithe freisin chun cláir náisiúnta éagsúla a chur i bhfeidhm atá ceaptha chun an tsláinte, cáilíocht na beatha agus an fholláine a fheabhsú. Cuireann ár gclár saibhir imeachtaí ealaíon agus cultúrtha deiseanna féinléirithe agus taibhithe ar fáil in áiteanna nach bhfuil aon rogha eile ann. Cuirimid an fheasacht comhshaoil chun cinn inár modh oibre agus i gcáilíocht na faisnéise a sholáthraímid.



# Ár spriocanna

Beidh ceithre phríomhspríoc mar threoir agus mar inspioráid ag na gníomhartha le haghaidh ár seirbhíse leabharlainne as seo go ceann cúig bliana.

## Spríoc 1

### *Nascadh lenár bpobail*



## Bearta

1. Bonneagar nua leabharlainne a chur ar fáil d'fhonn ár n-úsáideoirí leabharlainne a spreagadh, eolas a thabhairt dóibh agus caidreamh a chothú leo
2. Na huairanta oscailte céanna a chur i bhfeidhm i ngach brainse le freastal ar riachtanais ár gcuid gcustaiméirí
3. An tSeirbhís 'Mo Leabharlann Oscailte' a leathnú
4. Dualgais earnála poiblí a chomhlíonadh
5. Rochtain gan bhac ar ár n-acmhainní agus seirbhísí leabharlainne a chumasú d'úsáideoirí, bídís ar an láthair nó ar líne
6. A chinntiú go soláthraítear bailiúchán saibhir leabharlainne atá inrochtana do chách ar an láthair agus ar líne
7. Leas a bhaint as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn leis na hacmhainní atá againn cheana a fheabhsú
8. Seirbhísí nuálacha a dhearadh a dhúnann an deighilt dhigiteach do dhaoine idir óg agus aoista
9. Daoine óga a mhealladh chuig ár seirbhísí
10. Seirbhís ardchaighdeáin, sheasmhach a chur ar fáil do gach duine dár gcuid custaiméirí
11. Leanúint de sheirbhísí a chur ar fáil a thacaíonn le tosaíochtaí folláine
12. Acmhainní atá ann cheana a leathnú d'fhonn seasamh lenár ngealltanas le tacú leis an bhforbairt litearthachta
13. Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn tuilleadh
14. Próifíl na seirbhíse leabharlainne a ardú agus obair a dhéanamh chun aird a tharraingt ar na seirbhísí agus ar na cláir a chuireann sí ar fáil trí theagmháil spriocdhírthe le spriocphobail ar leith

## Torthaí

- Leabharlann nua i Stigh Lorgan, lena n-áirítear áitreabh sealadach a chur ar fáil idir an dá linn
- Tionscadail chaipitil atá beartaithe a chur chun cinn in Samuel Beckett (Baile Uí Ógáin), Dún Droma agus Coill na Silíní
- Mo Leabharlann Oscailte a chur ar fáil i níos mó brainsí
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na huairanta oscailte le freastal ar riachtanais ár gcuid gcustaiméirí
- Féinseirbhís uathobrithe a leathnú ar fud chóras na leabharlann
- Cultúr ionchuimsitheachta a dhíríonn go sonrach ar dhaoine óga, ar chónaitheoirí nua agus ar fhorbairtí nua cónaithe ar fud an chontae
- Leanúint de bheith páirteach i gcláir agus i bhfeachtais náisiúnta a dhíríonn ar ghníomhaíochtaí litearthachta agus cultúrtha
- Ár seirbhísí a leathnú dóibh siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu
- Suíomh gréasáin nua a bheidh dinimiciúil, idirghníomhach a dhearadh agus a chur ar fáil don leabharlann
- Méadú ag teacht ar líon na mball i dtreo na sprice náisiúnta ballraíochta 30%
- Caitheamh per capita ar stoc a ailíniú leis an sprioc náisiúnta, is é sin €4 an duine
- Cloí le beartais agus ceanglais náisiúnta maidir leis an nGaeilge
- Plean cumarsáide agus margaíochta atá oiriúnach dá fheidhm a chur i bhfeidhm le haghaidh na seirbhíse leabharlainne



FAOI THRÁCHT

## Mo Leabharlann Oscailte

Cuireann an tseirbhís 'Mo Leabharlann Oscailte' ar chumas úsáideoirí rochtain ar ár spásanna leabharlainne fiú nuair nach mbíonn baill foirne ar dualgas, rud a fhágann gur féidir leo a bheith ar oscailt ó 8 r.n. go 10 i.n. gach lá, an Domhnach agus laethanta saoire san áireamh. Toisc gur éirigh chomh maith sin leis an tseirbhís Mo Leabharlann Oscailte i nGráinseach an Déin, rinneamar Leabharlann Dheilginse a athchóiriú agus a fheistiú in 2020 chun an tseirbhís a chur ar fáil. Fuairamar cúnamh airgid chuige sin ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Cuireadh seomra cruinnithe nua leis ag féachaint amach ar phríomhshráid an tsráidbhaile agus rinneadh uasghrádú freisin ar an seomra ceoil, a bhfuil pianó, cláirseach agus méarchlár leictreach ann, le ligean níos mó solais isteach. Cuireadh tuilleadh spásanna staidéir agus ríomhairí leis an láthair staidéir thuas staighre chomh maith. Rinneadh an leabharlann a athphéinteáil, cuireadh cairpéad nua síos agus cuireadh doirse sleamhnáin nua isteach. Fuair an leabharlann 'Tábla Draíochta' freisin, is trealamh nuálach atá deartha lena úsáid ag daoine a bhfuil uathachas, néaltrú nó míchumais foghlama orthu – ach ag leanáí agus ag daoine de gach aois a bhfuil croí óg acu chomh maith. Tagann sé le cluichí idirghníomhacha solais, a theilgtear ar bhord atá feistithe le braiteoirí a fhreagraíonn do ghluaiseachtaí na n-imreoirí. Spás geal, fáilteach, inrochtana í an leabharlann anois, í i gcroílár an phobail agus réidh i gcónaí le fáilte a chur roimh dhaoine de gach aois. Tá na huaireanta oscailte níos faide ná riamh chomh maith.

Tá na huaireanta oscailte nua  
i Leabharlann Ghráinseach an  
Déin go hiontach!



FAOI THRÁCHT

## Táibléid ACORN

Le linn phaindéim COVID-19, bhí orainn go léir brath ní ba mhó agus ní ba mhó ar uirlisí digiteacha chun teacht ar earraí agus ar sheirbhísí agus chun coinneáil i dteagmháil le cairde, daoine muinteartha agus leis an bpobal i gcoitinne. Na daoine siúd nach raibh teacht acu ar a leithéid de ghléasanna, nó nach raibh na scileanna acu chun iad a úsáid i gceart, bhí siad imeallaithe sa tsochaí.

Bhíomar páirteach i meitheal oibre trasrannach ar son an ríomh-ionchuimsithe le Rannóg Pobail dlr. Ar thionscadal amháin ar éirigh go maith leis bhí cuidiú le Comhairle na nDaoine Scothaosta uasoiliúint a fháil le raon gléasanna a úsáid, gléasanna a thugamar ar iasacht ansin do bhaill dá cuid, an táibléad Acorn san áireamh.

Dearadh an táibléad Acorn don duine aosta go háirithe, agus is é an prionsabal atá taobh thiar den táibléad ná roghanna níos inrochtana a sholáthar dóibh siúd nach bhfuil mórán taithí acu ar ríomhairí ná ar ghléasanna cliste. Tá an Acorn thar a bheith éasca le húsáid; tá dearadh iomasach, dathanna láidre agus clónna móra aige, agus tá an treoir úsáideora ar fáil ar an ngléas féin, leis.

De bharr gur éirigh chomh maith sin leis an tionscnamh seo, tá táibléid Acorn anois ar fáil ar iasacht ónár leabharlanna brainse, chomh maith le seirbhís oiliúna a chuireann baill foirne leabharlainne ar fáil dóibh siúd nach bhfuil scileanna TF acu d'fhonn cabhrú leo an leas an fearr a bhaint as an ngléas.



**D'éirigh liom mo chéad ríomhphost riamh a sheoladh, rud a chuir ríméad an tsoil orm. Ó shin táim i dteagmháil le mo neachtanna agus mo nianna óir go bhfuil an stuif sin sa dúchas acu.**

# Sprioc 2

## Comhoibriú lenár gcuid comhpháirtithe

### Bearta

1. Tógáil ar chomhpháirtíochtaí atá ann cheana agus treoracha nua a iniúchadh chun luach a chruthú dár bpobail
2. Comhpháirtíocht le heagraíochtaí litearthachta a neartú i gcomhréir leis an Straitéis um Litearthacht ar Feadh an tSaoil d'Aosaigh
3. Leanfaimid orainn ag cur Chlár Éire Ildánach ar fáil go háitiúil.
4. Leanúint ar aghaidh ag obair le Forbairt Pobail dlr agus le gníomhaireachtaí, gnólachtaí agus grúpaí áitiúla chun rannpháirtíocht níos fearr a éascú le pobail imeallaithe
5. Leanúint le cláir agus tionscnaimh náisiúnta a bhaineann le litearthacht, gnó, agus sláinte agus folláine a chur ar fáil i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara trí na cláir Right to Read, Éire na Sláinte ag do Leabharlann agus Work Matters.
6. Tionscadail digitithe a fhorbairt i gcomhar le soláthraithe náisiúnta a dhíríonn ar ár mbailiúchán staire áitiúla
7. Bearta corparáideacha a chur chun feidhme chun tacú le tionscnaimh agus cláir a bhaineann leis an Athrú Aeráide agus leis an Éifeachtúlacht Fuinnimh
8. Dul i gcomhar lenár gcomhghleacaithe i gComhairle Contae dlr chun cláir dhinimiciúla dhúshlánacha a chruthú

### Torthaí

- Comhoibriú méadaithe le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta, amhail Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath, an Lónra Rannpháirtíochta Pobail, Obair Dheonach Éireann, Alone, an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh, Éire na Sláinte, Oifigí Fiontair Áitiúla, srl.
- Comhoibriú méadaithe le páirtithe leasmhara eile
- Méadú ar úsáid na seirbhíse leabharlainne i measc spriocghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht faoi láthair
- Tuilleadh acmhainní agus cur chuige comhpháirtíochta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis an ríomh-ionchuimsiú agus le rochtain dóibh siúd nach bhfuil na scileanna ná na hacmhainní is gá acu
- Comhroinnt sonraí atá bunaithe ar fhianaise le tionchar leabharlann a léiriú
- Sraith chuimsitheach clár agus imeachtaí le pobal níos leithne a mhealladh isteach





FAOI THRÁCHT

## Céard atá taobh thiar d'ainm?

*Dun Leary - Kingstown - Dún Laoghaire:  
Stair Amhairc*


In 1821 athraíodh an t-ainm 'Dunleary' nó 'Dun Leary' go 'Kingstown' in onóir chuairt an Rí Seoirse IV ar an mbaile bríomhar seo a bhí ag forbairt go tapa. In 1920, athraíodh an t-ainm ar ais go hoifigiúil go dtí an bunleagan Gaeilge, Dún Laoghaire. Gníomh polaitiúil d'aon ghnó ab ea é sin le linn Chogadh na Saoirse, gníomh dúshlánach i gcoinne an tseanreachtá in Éirinn.

Mar chuid de chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán, 2012-2023, fuairamar beagnach 700 cárta poist de cheantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ó dhíol Bhailiúchán Cártaí Poist Seamus Kearns in 2019.

Bunaithe ar na híomhánna sin bhí foilseachán dar teideal ***What's in a Name? Dun Leary – Kingstown – Dún Laoghaire: A Visual History***, taispeántas ar an láthair agus ar líne ina raibh cuid de na cártaí poist faoi thrácht, agus sraith cainteanna agus físeán lena chomóradh gur athraíodh an t-ainm céad bliain ó shin.

Ina theannta sin, d'ullmhaigh Séamus Cannon agus Ríonach O Callaghan, i gcomhar le hIonad Oideachais na Carraige Duibhe, Acmhainn do Bhunscoileanna ina raibh cúig Phlean Ceachta do mhúinteoirí. Is féidir teacht ar nasc chuig na hacmhainní sin do mhúinteoirí ag [scoilnet.ie](http://scoilnet.ie).

Tá an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ag tacú leis an tionscnamh.





# Sprioc 3

*Deiseanna léitheoireachta, foghlama, cruthaitheacha agus cultúrtha a fhorbairt do chách*

## Bearta

1. Ár mbrainsí a dhéanamh ina n-áiteanna le teacht ar aoibhneas na léitheoireachta
2. Deiseanna ar leith a chur ar fáil le nascadh le húdair agus le himeachtaí léitheoireachta
3. Cláir a dhearadh a chuireann le cáilíocht na beatha dár bpobail áitiúla
4. Tacú lenár bpobail rochtain a fháil ar dheiseanna foghlama ar feadh an tsaoil agus páirt a ghlacadh iontu
5. Bailiúcháin a chothú a dhéanann custaiméirí a spreagadh agus a chuireann fuinneamh iontu
6. Rochtain áisiúil ar leabhair, faisnéis agus smaointe a chumasú
7. Rannpháirtíocht níos leithne inár seirbhísí a spreagadh, agus inrochtaineacht agus ionchuimsiú do chách a chinntiú ag an am céanna
8. Leas a bhaint as sonraí agus bealaí nua le haiseolas a fháil chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt bailiúchán
9. Leanúint de bheith ag tacú le pobal ardliteartha
10. Taighde a dhéanamh ar na spriocphobail atá ann faoi láthair agus tuilleadh clár a fhorbairt d'fhonn rannpháirtíocht níos leithne a spreagadh inár seirbhísí
11. A gcuireann an leabharlann ar fáil a thabhairt chomh fada le háiteanna nua nach raibh leabharlann roimhe

## Torthaí

- Úsáid mhéadaithe de réir tháscairí feidhmíochta an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iníúcháireachta
- Teachnt níos fearr ar scileanna agus acmhainní digiteacha.
- Cláir inrochtana atá ionchuimsitheach agus a mheallann spriocphobal leathan
- Tuilleadh áiseanna agus clár do ghrúpaí imeallaithe agus do ghrúpaí eile a bhfuil riachtanais bhreise acu



FAOI THRÁCHT

## Babies Love Books

An raibh a fhios agat gur scéim bronnta leabhar é **dlr Babies Love Books**, a seoladh i mí Feabhra 2014 d'fhonn léitheoireacht agus litearthacht a chur chun cinn i measc na saoránach is óige?

Is é atá i gceist leis ná go mbíonn gach leanbh a dtagann ar an saol sa chontae i dteideal mála leabhar saor in aisce a bhailiú óna leabharlann áitiúil. Tá níos mó ná 2,500 pacáiste bailithe ónár leabharlanna ó seoladh an scéim: sin pacáiste amháin ar an meán gach lá ó bhí 2014 ann!

Coinníonn foireann Leabharlann dlr i dteagmháil le haltraí sláinte poiblí i gceantair éagsúla agus iarrann orthu a insint do na tuismitheoirí ag scrúdú sláinte naoi mí an linbh gur féidir leo an mála leabhar saor in aisce a bhailiú.

Níos fearr fós, tá an scéim ar oscailt do gach leanbh réamhscoile, ní leanáí nuabheirthe amháin.

Ardaíonn **Babies Loves Books** feasacht faoi raon na seirbhísí leabharlainne atá ann. Is breá le tuismitheoirí é, is breá le leanáí é, agus is iontach an rud é le húsáid na leabharlainne a spreagadh san aos óg.



FAOI THRÁCHT

## Cuairt agus Cultúr

In 2018, cuireadh **Cuairt agus Cultúr** i dtoll a chéile agus d'éirigh go hiontach leis. Clár imeachtaí a bhí ann ar chuir Leabharlanna dlr agus Oifig Ealaíon dlr tús leis agus a cuireadh ar fáil i suíomhanna cúraim chónaithe do dhaoine scothaosta sa chontae. Ní raibh an dara rogha ann ach an clár a bhogadh ar líne nuair ba mheasa an phaindéim. In 2020 amháin, bhí 40 seisiún ar líne againn i gcúig theach altranais. Chomh maith le cláir bheo, bhíomar in ann rogha gníomhaíochtaí taifeadta a thairiscint do gach teach altranais sa chontae i ngeimhreadh 2020.

Ghlac cónaitheoirí páirt i dtaifeadtaí damhsa, scéalaíochta, amhránaíochta, ceoil agus ealaíne – bhí gach duine in ann páirt a ghlacadh i rud éigin agus taitneamh a bhaint as. Chuaigh an clár ó neart go neart in 2021 agus bhí an-tóir air. Tá sé beartaithe anois againn leanúint ar aghaidh ag tacú le cónaitheoirí, baill foirne agus baill teaghlaigh sna suíomhanna seo.



# Sprioc 4

*Ár seirbhísí leabharlainne agus ár spásanna a chomhdhlúthú*

## Beartha

1. Na foirgnimh atá againn cheana a choinneáil de réir na gcaighdeán is airde
2. Ár mbailiúcháin leabharlainne a athghiniúint agus a fhorbairt lena chinntiú go mbíonn siad inrochtana do chách, ar an láthair agus ar líne araon
3. Taighde agus oidhreacht staire áitiúla a chaomhnú agus a chur chun cinn
4. Ár seasamh mar sholáthraithe príomhfhaisnéise agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a neartú dár gcuid custaiméirí
5. Leanúint de rochtain a chur ar fáil ar ár spásanna agus ár seirbhísí go léir
6. Ár mbailiúcháin ilteangacha agus ilchultúrtha a chur chun cinn
7. Príomhról a imirt i dtionscnaimh feasachta maidir leis an bhfuinneamh inbhuanaithe – trí éifeachtúlacht fuinnimh ár bhfoirgneamh agus ár gcuid bonneagair a fheabhsú, agus acmhainní agus cláir feasachta fuinnimh a chur ar fáil dár gcuid custaiméirí agus dár bhfoireann
8. Tiomantas ár bhfoirne do sheirbhís den chéad scoth faoi thionchar custaiméirí a chur ar fáil
9. Coinneáil orainn ag dul i dtaithe ar chleachtais oibre a bhíonn ag athrú i dtimpeallacht dhinimiciúil
10. Leanúint orainn ag déanamh ár gcion féin le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA a chur i bhfeidhm

## Torthaí

- Uasghrádú Leabharlann Ghráinseach an Déin
- Oibreacha caomhnaithe i Leabharlann Dhún Droma agus i Leabharlann Sheanchille
- Cláir agus seirbhísí for-rochtana le pobail agus scoileanna áitiúla
- Ár mbailiúcháin staidéar áitiúil a chur chun cinn
- Beartas nua forbartha bailiúcháin a ullmhú
- Deiseanna maoinithe a thapú as ár stuaim féin agus i gcomhar le páirtithe eile
- Prionsabail an Dearaidh Uilíoch le cothroime rochtana a chinntiú ar fud líonra na mbrainní
- Feasacht ar an gcomhshaol a chur chun cinn i measc ár gcustaiméirí agus ár bhfoirne trí acmhainní agus cláir leabharlainne a spreagfaidh athrú meoin sa phobal
- Tacú le baill foirne a scileanna a fhorbairt trí Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta



## FAOI THRÁCHT

# Seirbhísí inrochtana

Tá ár spásanna fáilteach agus inrochtana do chách, lena n-áirítear cathaoireacha rothaí, daoine a bhfuil laige radhairc nó éisteachta orthu, agus úsáideoirí eile. Ó 2019 i leith táimid ag obair freisin chun ár seirbhísí a fheabhsú do dhaoine a bhfuil an t-uathachas orthu, lena n-áirítear imeachtaí atá oiriúnach dóibh agus imeachtaí ar leith dóibh mar chuid dár gclár bliantúil.

Tá scéalta sóisialta/treoracha amhairc cruthaithe againn i ngach ceann dár leabharlanna brainse agus tá ag éirí go hiontach leis na hoícheanta ciúine agus leis na láithreacha ciúine ainmnithe i gcuid dár spásanna leabharlainne. Ina theannta sin, tá bosca céadfach i ngach leabharlann agus tá fáilte roimh chuairoteoirí é a úsáid.

Tá oiliúint ar líne AslAm faighte ag cuid mhaith den fhoireann. Áirítear lenár mbailiúchán inrochtana liosta leabhar molta dóibh siúd a bhfuil an t-uathachas/fadhbanna céadfacha orthu, chomh maith le leabhair ar ábhar an uathachais agus acmhainní do theaghlaigh agus do chúramóirí. Tá bailiúchán bréagán agus teicneolaíochta againn a thugaimid amach ar iasacht dóibh siúd a bhfuil an t-uathachas orthu nó riachtanais bhreise acu. Fuaireamar maoiniú in 2021 le balla céadfach a chur isteach i Leabharlann Ghráinseach an Déin, chomh maith le troscán lasmuigh, suíochánra agus plandaí céadfacha i gCábhán tSíle, i nDún Droma agus i Seanchill. Déanaimid gach iarracht ár gclár imeachtaí leabharlainne a dhéanamh chomh hionchuimsitheach agus is féidir agus speictream leathan na n-úsáideoirí leabharlainne a léiriú. Cuirimid fáilte roimh gach ball dár bpobail a bheith i láthair.

**Tá an-áthas orm gur tháinig mé trí sheans ar an leabharliosta léitheoireachta Uathachais, chomh maith leis an lóga do Leanáí a bhfuil Riachtanais Bhreise acu! Is dúshlánach an rud é teacht ar thacaíocht ar bith, ach tacaíocht nár bheag é a fháil amach go n-aithníonn agus 'go bhfeiceann' mo leabharlann mo leanbh agus mo theaghlach.**





# An chaoi a gcuirfimid an plean seo chun feidhme



Déanfar athbhreithniú rialta ar ár bPlean Forbartha Leabharlann; comhaontóimid spriocdháta maidir le gach beart.

Rachaimid i gcomhairle go rialta lenár bpobail agus cinnteoidimid go bhfreagróidh ár seirbhísí dá gcuid riachtanas.

Cuirfimid tuairiscí rialta ar chur chun feidhme an phlean faoi bhráid na gCoistí Ceantair agus an Choiste um Beartas Straitéiseach.

Déanfar monatóireacht agus measúnú éifeachtacht ár ndul chun cinn trí thagairt do na táscairí feidhmíochta náisiúnta agus tríd an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchta (NOAC).

Lenár ndul chun cinn agus tionchar ár seirbhísí a mheas, déanfar meastóireacht ag deireadh thréimhse beartaithe an phlean.

